



Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
State Examinations Commission

**AN ARDTEISTIMÉIREACTH, 2011**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**GAEILGE**

**ARDLEIBHÉAL**



## PÁIPÉAR I (170 marc)

CEIST 1

- CEAPADÓIREACHT -

100 marc

- (a) Ionramháil Ábhair = 20 marc  
{  
(b) Cumas Gaeilge = 80 marc }       $20 + 80 = 100$

[Cumas Gaeilge = (i) fairsinge agus saibhreas **Stór Gaeilge** an iarrthóra, móide (ii) beachtas maidir le **máistreacht cruinnúsáide** ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.]

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 20 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta ceapadóireachta.

### AN CHEAPADÓIREACHT

#### Gnéithe a bhaineann leis an marcáil

Cé go bhfuil dhá roinn (i.e. cumas Gaeilge agus ionramháil ábhair) ag baint leis an gcóras marcála atá ag gabháil leis an gCeapadóireacht, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra mar aonad.

**Cumas Gaeilge (80marc)** = (1) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra móide  
(2) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.

[Príomhghnéithe na Gaeilge = gramadach\*, comhréir\*, struchtúr, deilbhíocht]  
\*Agus na mórshotúin á “marcáil” le peann dearg níor mhór go mbeifí in ann an difríocht a aithint idir botúin mhóra chomhréire agus mionbhotúin ghramadaí.

Aicme	Grád/Grád Raon	(1) Stór Gaeilge + (2) Beachtas/Cruinnúsáid
-------	----------------	---

---

**A**

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. an-mhaith ar fad- <b>sármhaith</b>	A ard A meánach	76-80 marc 72-75 marc
(2) Cruinneas an-mhaith ar fad- <b>sármhaith</b> (den chuid is mó)	A íseal	68-71 marc

---

**B**

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. <b>an-mhaith</b>	B ard B meánach	64-67 marc 60-63 marc
(2) Cruinneas <b>an-mhaith</b> (den chuid is mó)	B íseal	56-59 marc

---

**C**

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. <b>maith</b>	C ard C meánach	52-55 marc 48-51 marc
(2) Cruinneas <b>maith</b> (den chuid is mó)	C íseal	44-47 marc

---

**D**

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. <b>measartha</b>	D ard D meánach	40-42 marc 36-39 marc
(2) Cruinneas <b>measartha</b> (den chuid is mó)	D íseal	32-35 marc

---

**E**

(1) Stór Gaeilge- F. agus S. <b>lag</b>	E ard E meánach	28-31 marc 24-27 marc
(2) Cruinneas <b>lag</b> (den chuid is mó)	E íseal	20-23 marc

---

**F agus N/G**

(1) Stór Gaeilge-F. agus S. <b>an-lag</b>	F ard F meanach	16-19 marc 12-15 marc
(2) Cruinneas <b>an-lag</b>	F íseal N/G ard N/G íseal	8-11 marc 4-7 marc 0-3 marc

---

### **Ionramháil Ábhair = (20 marc)**

Ba cheart an roinn seo a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge.

Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe, bíonn coibhneas i gcónaí idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Má bhíonn an chóir iompair lag ní féidir na smaointe a chur i láthair go héifeachtach. Bíonn sé deacair na smaointe a aimsiú má bhíonn an Ghaeilge lag nó bearnach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhachtaí agus an cheapadóireacht á grádú.

Aicme	Grád	Marc
Ionramháil an-mhaith ar fad → <b>sármhaith</b>	<b>A</b>	17, 18, 19, 20 marc
Ionramháil <b>an-mhaith</b>	<b>B</b>	14, 15, 16 marc
Ionramháil <b>mhaith</b>	<b>C</b>	11, 12, 13 marc
Ionramháil <b>mheasartha</b>	<b>D</b>	8, 9, 10 marc
Ionramháil <b>lag</b>	<b>E</b>	5, 6, 7 marc
Ionramháil <b>an-lag</b>	<b>F/NG</b>	0, 1, 2, 3, 4 marc

**CEIST 2**

**- LÉAMHTHUISCINT -**

**70 marc**

#### **Treoracha do mharcáil na léamhthuisceana**

- Tá dhá rud i gceist i marcáil na bhfreagraí léamhthuisceana:  
**Eolas + Ionramháil**
- Eolas + Ionramháil:  $2 + 1 = 2$  marc ar eolas cruinn + 1 marc ar ionramháil nó  $2 + 0 = 2$  marc ar eolas cruinn + 0 ar ionramháil toisc go raibh an freagra ceart ach é tógtha díreach ón léamhthuisceant.
- Is ionann “ionramháil” agus ceann de mhórfhocail an fhreagra a chur nó a mhíniú i bhfoca(i)l eile. Ní leor ord na bhfocal a chasadh timpeall chun an marc a ghnóthú ar ionramháil sa fhreagra ná ní leor “sé/sí/siad” a chur in ionad ainmfhocail.
- Ní mór mionbhriseadh marcanna a thaispeáint sa script agus tú ag marcáil na bhfreagraí.
- Má lorgáítear **dhá phointe eolais** nó **dhá thréith** nó **dhá rud**, nó **dhá dhearcadh** nó **dhá bhuntáiste**, cuir **P1, T1, R1, D1** nó **B1** in aice leis an gcéad cheann cruinn sa fhreagra agus **P2, T2, R2, D2** nó **B2** in aice leis an dara ceann sa fhreagra.

- Má bhíonn dhá phointe eolais ag teastáil i bhfreagra, seo a leanas mar a léirítear na marcanna:  
4 marc ar an bhfreagra: 2 marc + 1 marc + 1 marc  
P1 + P2 + Ionramháil
- 2 phointe eolais: ní lorgáítear ionramháil ach ar phointe eolais amháin. Má dhéantar ionramháil ar phointe eolais amháin bronn an marc ar an ionramháil.
- De réir mar a léann tú na freagraí, caithfidh tú na mórbhotúin sa Ghaeilge a shoiléiriú trí líne dhearg a tharraingt faoin míchruinneas. Nuair a bheidh na freagraí ar fad ar Léamhthuiscint 2A ceartaithe agat, déanfaidh tú breithiúnas ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí. Mar an gcéanna i gcás na bhfreagraí i Léamhthuiscint 2B.

<b>A (35 mharc)</b>
---------------------

- |              |   |                  |
|--------------|---|------------------|
| <b>(i)</b>   | <b>(a)</b> Taithí a bhí ag an údar ar an bPolainn.                | = 3 marc         |
|              | <b>(b)</b> Dhá bhuntáiste a bhainfeadh an t-údar as an bpost      | = 4 marc         |
| <b>(ii)</b>  | <b>(a)</b> An fáth a bhfuil an Ghaeilge á múineadh in KUL.        | = 3 marc         |
|              | <b>(b)</b> Dhá dhearcadh ag Polannaigh faoi fhoghlaim na Gaeilge. | = 4 marc         |
| <b>(iii)</b> | <b>(a)</b> Cosúlacht amháin idir Vársá agus Baile Átha Cliath.    | = 3 marc         |
|              | <b>(b)</b> Dhá thréith ag an Polannaigh agus cad is bun leo.      | = 4 marc         |
| <b>(iv)</b>  | <b>(a)</b> An áit a bhfuil Lublin suite.                          | = 3 marc         |
|              | <b>(b)</b> Dhá phointe faoin bPápa Eoin Pól II.                   | = 4 marc         |
| <b>(v)</b>   | <b>(a)</b> Iompar na ndéagóirí ar an tsráid.                      | = 3 marc         |
|              | <b>(b)</b> Ar tharla san ollmhargadh agus míniú ar an eachtra.    | = 4 marc         |
|              | <b>3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4</b>                      | <b>= 35 marc</b> |

[Gaeilge lochtach: 0 - 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

## Léamhthuisicint 2A

### 1 (a) Cén taithí a bhí ag an údar ar an bPolainn? (Alt 1) (3 mharc) (2+1)

“go raibh mí caite agam sa Pholainn an bhliain roimhe sin, (agus cuimhní áille agam ar an tír agus ar a muintir”).

*Chaith sé mí/tamall sa Pholainn an bhliain roimhe sin, (agus cuimhní deasa aige ar an tír agus ar na daoine ann).*

### 1 (b) Luaigh dhá bhuntáiste a bhainfeadh an t-údar as an bpost a bheith aige. (Alt 1) (4 mharc) (2+1+1)

- (i) “Tugadh conradh bliana dom a bhféadfaí a athnuachan”
- (ii) “Bhí spéis mhór agam sa taisteal”.
- (iii) “B’fhurasta dom sciuirdeanna a thabhairt ar áiteanna éagsúla ar fud Mhór-Roinn na hEorpa (dá mbeinn i mo chónaí i Lublin)”.
- (iv) “Chuirfínn eolas ar chultúir eile”.
- (v) “D’fhoghlaiméoinn teanga nua”.
- (vi) “Bheinn i mo chónaí i m’aonar”.
- (vii) “Bheinn neamhspleách ar mo thuismitheoirí (den chéad uair i mo shaol)”.

- (i) *Fuair sé post bliana sa Pholainn agus seans aige obair níos faide ann dá mba mhaith leis.*
- (ii) *Thaitin an taisteal go mór leis.*
- (iii) *Bheadh sé ábalta dul ar cuairt chuig áiteanna eile san Eoraip gan stró.*
- (iv) *Bhlaisfeadh sé cultúir eile.*
- (v) *D’fhoghlaiméodh sé an Pholainnis/d’éireodh sé eolach ar an bPolainnis.*
- (vi) *Bheadh sé ina chónaí/ag maireachtáil leis féin.*
- (vii) *Bheadh sé saor óna thuismitheoirí.*

### 2 (a) Cén fáth a bhfuil an Ghaeilge á múineadh in KUL? (Alt 2) (3 mharc) (2+1)

“Ag deireadh an dara bliain de chéim MA sa Bhéarla, bíonn ar na mic léinn rogha a dhéanamh idir an Ghaeilge agus an Bhreatnais.”

*Mar chuid de chéim MA sa Bhéarla, déanann na scoláirí staidéar ar an nGaeilge nó ar an mBreatnais.*

“Bíonn ar na mic léinn rogha a dhéanamh idir an Ghaeilge agus an Bhreatnais” = 0  
(Ní mór tagairt a bheith san fhreagra don chéim MA sa Bhéarla chun marcanna a bhronnadh.)

**2 (b) Luaigh dhá dhearcadh atá ag na Polannaigh faoi fhoghlaim na Gaeilge. (4 mharc) (2+1+1)**

- (i) “Cheap cuid mhaith de na mic léinn gur chur amú ama é an Ghaeilge a fhoghlaim”
- (ii) “Bhí daoine ann a chaith a ndúthracht go fonnmhar leis an teanga”
- (iii) “daoine a dúirt liom gurbh í an Ghaeilge a thug go dtí an ollscoil sin sa chéad áit iad”.
- (iv) “Le fírinne, is beag duine acu a mhaífeadh gur teanga éasca í an Ghaeilge”.
- (v) “Is é an córas fuaime inti is deacra do na mic léinn sa Pholainn”.

- (i) *Mheas scoláirí áirithe go raibh sé amaideach a bheith ag foghlaim na Gaeilge.*
- (ii) *Bhí mic léinn eile díograiseach ag foghlaim na Gaeilge.*
- (iii) *D’admhaigh mic léinn eile gur roghnaigh siad an ollscoil sin toisc go mbeadh siad ábalta staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ann.*
- (iv) *Ceapann a lán daoine gur teanga dheacair í an Ghaeilge.*
- (v) *Is é fuaimniú na bhfocal sa Ghaeilge an chuid is casta do na scoláirí sa Pholainn.*

**3 (a) Luaigh cosúlacht amháin idir Vársá agus Baile Átha Cliath. (Alt 3) (3 mharc) 3 mharc gan ionramháil**

- (i) “Leagadh formhór na cathrach go talamh le linn laethanta deiridh an Dara Cogadh Domhanda nuair a d’éirigh muintir Vársá amach i gcoinne na Naitsíoch díreach mar a tharla i mBaile Átha Cliath leis na Sasanaigh i 1916.”  
(**Cáiliú** amháin ag teastáil i gcás Vársá agus mar an gcéanna i gcás Bhaile Átha Cliath)  
(Mura mbíonn an chosúlacht luaite, ní thuilleann an freagra aon mharcanna)

“Leagadh formhór na cathrach go talamh le linn laethanta deiridh an Dara Cogadh Domhanda **nó** nuair a d’éirigh muintir Vársá amach i gcoinne na Naitsíoch agus “díreach mar a tharla i mBaile Átha Cliath leis na Sasanaigh **nó** i 1916”.

- (ii) “Dála éirí amach 1916, cuireadh an t-éirí amach sa Pholainn faoi chois go fuilteach tar éis seachtainí fada de throid fhíochmhar”.

“Tá an-chuid cosúlachtaí idir stair an dá tír.” = 0

“Tá “an oidhreacht shaibhir Chríostaí chéanna aici is atá ag Éirinn”. = 0

**3 (b) Luaigh dhá thréith a bhaineann le muintir na Polainne, agus luaigh céard is bun leis na tréithe sin, dar leis an údar. (Alt 3) Dhá thréith =1+1 (gan ionramháil) 2 mharc gan ionramháil=céard is bun leis na tréithe**

“an cairdeas, an fhéile agus an chaoimhlaingt” agus críostúil (ón abairt dheireannach)



Is dócha go bhfuil tréithe eile intuigthe/inghlachta.....inspioráideach....  
“spiorad na saoirse”iontu..... láidir....cróga....tírghrách.....

“an oidhreacht shaibhir Chríostaí”is bun leis na tréithe sin=2 mharc (gan ionramháil)

**4 (a) Cá bhfuil cathair Lublin suite? (Alt 4) (3 mharc) (3 mharc gan ionramháil)**

Tá Lublin “in oirthear na Polainne” = 3 mharc

Tá Lublin sa Pholainn = 3 - 1 = 2 mharc

Tá Lublin in oirthear na tíre = 3 mharc

**4 (b) Luaigh dhá phointe eolais faoin bPápa Eoin Pól 11. (Alt 4) (4 mharc) (2+1+1)**

(i) “Ba san ollscoil seo a bhí Karol Wojtyla (Eoin Pól 11) ina ollamh le hEitic sular toghadh ina Phápa é. (Dhá phointe eolais san abairt seo = 2 + 1)

(ii) “Thug an Pápa Polannach tacaíocht chinniúnach do Solidarnosc a rinne dochar mór don rialtas ag an am” (Dhá phointe eolais san abairt seo = 2 + 1)

(iii) “In Ollscoil Chaitliceach Lublin” a bhí sé ag obair. (2 phointe eolais = 2 + 1)

(i) *D'oibrigh sé mar Ollamh le hEitic sular roghnaíodh é mar Phápa.*

(ii) *Bhí sé ar thaobh Solidarnosc a rinne serios mór don rialtas.*

(iii) *Bhí sé ag obair in Ollscoil Chaitliceach Lublin.*

**5 (a) Cad a thug an t-údar faoi deara faoi iompar na ndéagóirí ar an tsráid? (Alt 5) (3 mharc) Pointe amháin(2+1)**

(i) “Bíonn siad an-chiúin in áiteanna poiblí”.

(ii) “Bíonn siad ag cogarnaíl ina ngrúpaí beaga le chéile.”

(iii) “Bíonn siad an-aireach ar strainséirí a thagann ina gcóngar.”

(i) *Fanann siad an-chiúin in áiteanna poiblí.*

(ii) *Labhrann siad os íseal le chéile i ngrúpaí beaga.*

(iii) *Bíonn siad an-chúramach nuair a fheiceann siad strainséirí in aice leo.*

- 5 (b) Cad a tharla san ollmhargadh lá agus cén míniú a fuair an t-údar ar an eachtra? (Alt 5) (4 mharc)  
(2+2) gan ionramháil. (Eachtra=2 mharc) (Míniú=2 mharc)

“Chonaic mé bean mheánaosta taobh thiar díom. Ghéill mé slí di agus bhrúigh sí tharam go garbh gan oiread is focal sibhialta a rá liom. Mhínigh cara dom gur dócha go raibh cuimhne fós ag an mbean sin ar na ciúnna fada a bhíodh ann le linn ré an chumannachais nuair a bhí riachtanais na beatha gann”.

**Dhá chuid san eachtra:**

“Ghéill sé slí do bhean” = 1 mharc

Iompar na mná = “bhrúigh sí tharam gan oiread is focal sibhialta a rá liom”  
= 1 mharc

**Míniú: Pointe eolais amháin = 2 mharc**

(i) “ré an chumannachais” agus “ciúnna fada ann” = 1 + 1 = 2 mharc

(ii) “ré an chumannachais” agus “riachtanais na beatha gann” = 1 + 1 = 2 mharc

(iii) “ciúnna fada ann” agus “riachtanais na beatha gann” = 1 + 1 = 2 mharc

Gan an eachtra cheart aimsithe ag an iarrthóir san fhreagra, ní féidir leat marcanna a bhronnadh ar an míniú.

• **10 bhfomharc le suimiú**

Ag bun na bhfreagraí ar Léamhthuisct 2A, seo mar a léirítear na marcanna:

**E(35) =**

**Gge.(0-3) = -**

**C2A(35) =**

- **An Ghaeilge sna freagraí:** déan breithiúnas ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí.

Gaeilge chruinn: -0

Gaeilge lochtach: bain 1-3 mharc den Ghaeilge

Mura mbronnann tú aon mharc ar ionramháil sna freagraí, ná cuir aon pionós i bhfeidhm ar an nGaeilge.

**B (35 mharc)**

- (i) (a) A mbeadh i dteideal an ghradaim seo. = 3 marc  
(b) Eachta óna huachtaránacht agus míniú ar a himeacht ó chuimhne daoine. = 4 marc
- (ii) (a) An rud faoi Mháire is mó a thug an clár chun cuimhne. = 3 marc  
(b) Aighneas aici (i) lena tuismitheoirí (ii) le Bárdas Bhaile Átha Cliath. = 4 marc

- (iii) (a) Mar a d'athraigh Máire an dlí in Éirinn. = 3 marc  
 (b) Dhá shampla de chearta a bhuaigh sí do mhná na hÉireann. = 4 marc
- (iv) (a) An fáth ar thairg Kofi Anann an post sin di. = 3 marc  
 (b) Dhá shampla den chaoi ar thaispeáin sí a neamhspleáchas. = 4 marc
- (v) (a) Mar a léirigh Obama a mheas uirthi. = 3 marc  
 (b) An obair a bhíonn ar siúl aici leis na *Elders*. (Dhá phointe) = 4 marc.  
 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 = 35 marc  
 [Gaeilge lochtach: 0 - 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

### Léamhthuiscint 2B

- 1 (a) Cé a bheidh i dteideal an ghradaim An Phearsa is Mó i Stair na hÉireann? (Alt 1) (3 mharc) (3 mharc gan ionramháil)

“James Connolly, Michael Collins, John Hume, Bono agus Máire Mhic Róibín (Mary Robinson)” (tá gá leis an gcúigear a lua chun an 3 mharc a bhronnadh)

Níos lú ná cúigear luaite san fhreagra = 1 mharc

- 1 (b) Luaigh eachtra amháin óna tréimhse mar Uachtarán a bhfuil cuimhne air agus cén míniú a bhí ag an údar ar a himeacht ó chuimhne daoine? (Alt 1) (4 mharc) (2+1+1)

(Eachtra+Míniú+Ionramháil)

- (i) “Tá cuimhne ar fud an domhain ar na cuairteanna a thug sí ar áiteanna san Afraic ina raibh daoine ag fulaingt go mór mar gheall ar an ngorta agus ar an gcogaíocht”.
- (ii) “Tá caint go fóill ar an gcaoi ar chaoi Máire nuair a chonaic sí páiste sa tSomáil ag fáil bháis den ocraas”.
- (i) *Chuaigh sí ar thurasanna go ceantair san Afraic agus chonaic sí daoine ag fulaingt de dheasca easpa bia agus trodaíochta.*
- (ii) *Thosaigh Máire ag gol nuair a chonaic sí an páiste sa tSomáil ag fáil bháis den easpa bia.*

“Tá cuimhne ar fud an domhain ar na cuairteanna a thug sí ar áiteanna san Afraic” = 2 mharc.  
 “Tá cuimhne ar fud an domhain ar na cuairteanna a thug sí ar áiteanna san Afraic ina raibh daoine ag fulaingt go mór mar gheall ar an ngorta” = 2 mharc  
 “Tá cuimhne ar fud an domhain ar na cuairteanna a thug sí ar áiteanna san Afraic ina raibh daoine ag fulaingt go mór mar gheall ar an gcogaíocht” = 2 mharc  
 “Tá cuimhne ar fud an domhain ar na cuairteanna a thug sí ar áiteanna san Afraic ina raibh daoine ag fulaingt” = 2 mharc  
 “Tá caint go fóill ar an gcaoi ar chaoi Máire nuair a chonaic sí an páiste sa tSomáil” = 2 mharc

**Míniú = 1 mharc**

“Ní raibh Máire Mhic Róibín sa nuacht in Éirinn chomh minic céanna ó d’éirigh sí as an Uachtaránacht le dul i mbun dualgais mar Ard-Choimisinéir um Chearta an Duine leis na Náisiúin Aontaithe”.

“Ní raibh Máire Mhic Róibín sa nuacht” = 1 mharc

“D’éirigh sí as an Uachtaránacht” = 1 mharc

Tá sí “i mbun dualgais mar Ard-Choimisinéir um Chearta an Duine” = 1 mharc

Tá sí “i mbun dualgais leis na Náisiúin Aontaithe” = 1 mharc

*Níor luadh Máire Mhic Róibín go minic sa nuacht mar ní raibh sí ina hUachtarán a thuilleadh agus tá sí ag obair mar Ard-Choimisinéir um Chearta an Duine leis na Náisiúin Aontaithe.*

**2 (a) Cén rud faoi Mháire Mhic Róibín is mó a thug an clár David McWilliams chun cuimhne fúithi? (Alt 2) (3 mharc) (2+1)**

“Chuir David McWilliams béim mhór ar an bhfiche bliain a chaith Máire Mhic Róibín ag obair ar son chearta an duine in Éirinn, cearta na mban agus na bpáistí go háirithe”.

*D’oibrigh sí ar feadh 20 bliain ag seasamh ar son chearta an duine in Éirinn, cearta na mban agus na leanaí.*

**2 (b) Luaigh cúis aighnis a bhí ag Máire (i) lena tuismitheoirí; (ii) le Bardas Bhaile Átha Cliath. (Alt 2) (4 mharc) (2+1+1)**

(i) “Phós sí Protastúnach” **nó** “phós sí in aghaidh thoil a tuismitheoirí”.

(ii) Bhí sí “i gcoimhlint le Bardas Bhaile Átha Cliath ag iarraidh láithreacha luachmhara seandálaíochta ar bhruach na Life a chaomhnú”.

(i) *Ba Phrotastúnach é a fear céile **nó** phós sí i gcoinne thoil a muintire.*

(ii) *Throid sí i gcoinne Bhardas Bhaile Átha Cliath agus í ag iarraidh áiteanna tábhachtacha stairiúla a chosaint.*

**3 (a) Conas a d’athraigh Máire Mhic Róibín stair an dlí in Éirinn? (Alt 3) (3 mharc) 3 mharc gan ionramhái**

“Chuir Máire Mhic Róibín an dlí ar stát na hÉireann sna 1970í os comhair na Cúirte Breithiúnais Eorpaí in Strasbourg agus os comhair Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine sa Ghinéiv”.

**3 (b) Luaigh dhá shampla de na cearta a bhuaigh Máire Mhic Róibín do mhná os comhair na gCúirteanna Eorpacha. (Alt 3) (4 mharc) (2+1+1)**

(i) “Bhain sí amach an ceart do mhná liúntais áirithe a fháil faoi na dlíthe Leasa Shóisialaigh in Éirinn”.

(“Bhain sí amach an ceart do mhná liúntais áirithe a fháil” = 0)

(ii) “an ceart a bheith mar bhaill de ghiúire”

(i) *Bhuaigh sí an ceart do mhná liúntais/airgead a fháil faoi na dlíthe Leasa Shóisialaigh.*

(ii) *Bhuaigh sí an ceart do mhná a bheith ar ghiúire.*

**4 (a) Cén fáth ar thairg Kofi Anann an post mar Ardchoimisinéir um Chearta Daonna do Mháire Mhic Róibín? (Alt 4) (3 mharc) (2+1)**

“Chreid Kofi Anann go gcuirfeadh Máire Mhic Róibín borradh úr nua faoi obair na Náisiún Aontaithe ar son chearta an duine”.

*Cheap Kofi Anann go gcabhródh Máire Mhic Róibín go mór le cúram na Náisiún Aontaithe ag obair ar son chearta an duine.*

**4 (b) Luaigh dhá shampla den chaoi ar thaispeáin Máire Mhic Róibín a neamhspleáchas mar Ardchoimisinéir um Chearta Daonna. (Alt 4) (4 mharc) (2+1+1)**

(i) “Le linn cuairte a thug sí ar an Tibéid, mar shampla, cháin sí forghabháil na tíre sin ag an tSín”.

(ii) “Is minic a cháin sí na stáit sin a chleachtann pionós an bháis”.

(iii) “Sa bhliain 2001, bhí sí ina cathaoirleach ar chomhdháil dhomhanda in aghaidh an chiníochais (a reáchtáladh in Durban). Ag an gcomhdháil sin, tugadh go binibeach faoi Iosrael mar gheall ar an leatrom a bhí á imirt ag an stát sin ar na Palaistínigh”.

(iv) “Cháin Máire í féin a raibh ar siúl ag rialtas George Bush sa chogadh in aghaidh na sceimhlitheoireachta”.

(i) *Nuair a bhí sí sa Tibéad, labhair sí amach faoi ionradh na Síne ar an tír.*

(ii) *Rinne sí gearán faoi na tíortha a úsáideann pionós an bháis.*

(iii) *Bhí sí i gceannas ar chruinniú domhanda i gcoinne an chiníochais agus ag an gcruinniú sin, cáineadh an Iosrael go géar faoin éagóir a bhí á déanamh aici ar na Palaistínigh.*

(iv) *Labhair sí go géar i gcoinne ionsaithe na sceimhlitheoireachta a bhí ar siúl ag rialtas George Bush.*

**5 (a) Conas a léirigh an tUachtarán Obama a mheas ar Mháire Mhic Róibín? (Alt 5) (3 mharc) (3 mharc) gan ionramháil**

“Bhronn Barack Obama an gradam is airde i Meiriceá uirthi-Bonn na Saoirse”.

= 3 mharc

“Bhronn Barack Obama an gradam is airde i Meiriceá uirthi”

= 3 mharc

“Bhronn Barack Obama Bonn na Saoirse uirthi”

= 3 mharc

“Sa bhliain 2007, tugadh cuireadh di a bheith ina ball de na Elders”

= 0

**5 (b) Cén obair a bhíonn ar siúl ag Máire Mhic Róibín leis na Elders? (Dhá phointe) (Alt 5) (4 mharc) (2+1+1)**

- (i) “Tá sé mar aidhm acu aird a tharraingt ar áit ar bith ar domhan ina bhfuil an tsíocháin agus cearta an duine i mbaol”. (2 phointe anseo-an tsíocháin i mbaol agus cearta an duine i mbaol = 2 + 1 ó thaobh an eolais de.)
- (ii) “Faoi láthair tá na Elders ag obair le George Mitchel, Mahmoud Abass, Tony Blair agus le daoine eile ag iarraidh cainteanna síochána a chur ar siúl idir na Palaistínigh agus Iosrael”. = pointe eolais amháin = 2 mharc

- (i) *Sé an cuspóir atá acu ná súile an domhain a dhíriú ar áit ar bith ar domhan ina bhfuil an tsíocháin agus cearta daonna i ndainséar/faoi ionsaí.*
- (ii) *Anois, tá na Elders ag iarraidh comhdhálacha síochána a thosú idir na Palaistínigh agus an Iosrael.*

**• Suimigh an 10 bhfomharc atá bronnta agat ar na freagraí i Léamhthuisct 2B**

**E(35) =**

**Gge.(0-3) = -**

---

**C2B(35)=**

**Móriomlán C2**

**C2A(35) =**

**C2B(35) =**

---

**C2(70) =**

**Páipéar II (180 marc)**

**CEIST 1**

- PRÓS -

**40 marc**

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) **nó** **B** (Prós Roghnach).

**A - PRÓS AINMNITHE - (40 marc)**

**(a)** **Dhá** cheann de na gnéithe seo a leanas a phlé:

- (a) caidreamh idir an bhean óg agus a páistí;
- (b) an modh inste;
- (c) tréithe na mná óige;
- (d) atmaisféar i rith an scéil.

**(An Bhean Óg)**

Ionramháil Ábhair = 22 marc

*Nó*

**Dhá** cheann de na gnéithe seo a leanas a phlé:

- (a) páirt Sally Tom sa scéal;
- (b) tréithe an tréadlia;
- (c) tréithe mhuintir Ghleann Phádraig;
- (d) greann sa scéal.

**(Coilleach Ghleann Phádraig)**

Ionramháil Ábhair = 22 marc

*Nó*

Plé ar an léiriú a dhéantar ar **dhá** choimhlint.

**(Lig Sinn i gCathú)**

Ionramháil ábhair = 22 marc

**(b)** Plé ar thrua a bheith againn don Chearrbhach.

**(Cearrbhach Mac Cába)**

Ionramháil Ábhair = 13 marc

*Nó*

Plé ar **Dhá** cheann de: an t-osnádúr; an aibhéil; an greann; an tsaint.

**(Cearrbhach Mac Cába)**

Ionramháil Ábhair = 13 marc

Cumas Gaeilge – **(a)** agus **(b)** le chéile

= 5 marc

**B - PRÓS ROGHNACH - (40 marc)**

Freagair **(a)** agus **(b)** anseo.

**(a)** Plé ar chaidreamh idir **beirt** príomhphearsan. *(Gearrscéal)*

Teideal an ghearrscéil agus ainm an údair. Ionramháil Ábhair = 22 marc

*Nó*

**Dhá** ghné den sliocht a chuaigh i bhfeidhm ort. *(Úrscéal)*

Teideal an úirscéil agus ainm an údair. Ionramháil Ábhair = 22 marc

**(b)** Plé ar an scéal seo mar shampla den chinéal sin litríochta.

*(Sceal Béaloidis)*

Teideal agus údar na dírbheathaisnéise. Ionramháil Ábhair = 13 marc

*Nó*

Plé ar **dhá** cheann díobh seo i gcomhthéacs an scéil:

An t-osnádúr; an áibhéil; an greann; an tsaint.

*(Sceal Béaloidis)*

Teideal agus údar na dírbheathaisnéise. Ionramháil Ábhair = 13 marc

Cumas Gaeilge - **(a)** agus **(b)** le chéile = 5 marc

**C. 1 (A) nó (B) = 40 marc (22 + 13 + 5)**

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 22 (Ábhar) agus as 13 (Ábhar) agus as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

Ní bhronnfar marcanna ar theidil/ainmneacha údar a lua ach bainfear marcanna mura luaitear iad.



**Ceist 2**

**- PRÓSTÉACS BREISE -**

**40 marc**

[(a)(i) nó (a)(ii) nó (b)(i) nó (b)(ii) le déanamh as **A nó B nó C nó D**]

{ **Ionramháil Ábhair** = 35 marc}  
{ **Cumas Gaeilge** = 5 marc}

**C.2: 35 + 5: = 40 marc**

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 35 (Ábhar) agus an marc as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

**CEIST 3**

**- FILÍOCHT -**

**70 marc**

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) nó **B** (Filíocht Roghnach) agus freagair **C** (Dánta Dualgais Breise).

**A - FILÍOCHT AINMNITHE - (35 marc)**

Freagair **(a)** agus **(b)** anseo.

**(a) (i)** Dhá cheann de na mothúcháin is mó agus an chaoi a gcuirtear in iúl iad. = 11 marc  
(*Jack*)

**(ii)** An íomhá is mó a chuaigh i bhfeidhm ort agus cén fáth. = 6 marc  
(*Jack*)

**Nó**

**(i)** Plé ar an gcaoi a léirítear príomh-mhothúcháin an dáin. = 11 marc  
(*Bímse Buan ar Buairt Gach Ló*)

**(ii)** An íomhá is mó a chuaigh i bhfeidhm ort agus cén fáth. = 6 marc  
(*Bímse Buan ar Buairt Gach Ló*)

**(b) (i)** Trácht ar na híomhánna a threisiónn leis an bpríomhthéama. = 13 marc  
(*Gealt?*)

**Nó**

**(ii)** Cad a spreag eachtraí an dáin agus léirigh an fhorbairt ar na heachtraí sin. = 13 marc  
(*Gealt?*)

<b>B</b>	<b>- FILÍOCHT ROGHNACH -</b>	<b>(35 mharc)</b>
----------	------------------------------	-------------------

Freagair **(a) agus (b)** anseo.

- (a) (i)** Plé ar aigne an fhile sa dán **agus** ar an gcaoi a léirítear í.  
(Dán **seanaimseartha** le **bean**.) = 11 marc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile.)

- (ii)** An **ghné** den dán is mó a chuaigh i bhfeidhm ort féin **agus** an fáth.  
(Dán **seanaimseartha** le **bean**.) = 6 marc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile.)

**Nó**

- (i)** A éifeachtaí a léiríonn na híomhánna príomhthéama an dáin.  
(Dán **nua-aimseartha** le **fear**) = 11 marc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile.)

- (ii)** Trácht ar an mothúchán is treise sa dán.  
(Dán **nua-aimseartha** le **fear**) = 6 marc

- (b) (i)** Plé ar an bpríomhthéama **agus** an fáth a ndeachaigh an dán i bhfeidhm ort.  
(Dán **Nua-aimseartha** le **bean** nár roghnaíodh thuas): = 13 marc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile)

**Nó**

- (ii)** Plé ar **dhá** cheann díobh seo:  
Na híomhánna; an t-atmaisféar; teideal an dáin; an t-athrá.  
(Dán **Nua-aimseartha** le **fear** nár roghnaíodh thuas) = 13 marc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile)

**Ní bhronnfar marcanna ar theidil/ainmneacha údar a lua ach bainfear marcanna mura luaitear iad.**

**C (35 mharc)**

Freagair (a) nó (b) anseo

**(a) Oíche Nollaig na mBan**

- (i) “Íomhánna neamhghnáthacha ag an bhfile lena smaointe agus a mhothúcháin a chur in iúl.” É sin a phlé. = 18 marc
- (ii) Mínigh na línte. = 4 marc
- (iii) Nóta ar an úsáid a bhaintear as codarsnachtaí sa dán. = 8 marc

**(b) Dán do Mhelissa**

- (i) An príomhthéama a phlé agus an chaoi a gcuirtear os ár gcomhair é. = 18 marc
- (ii) Mínigh na línte = 4 marc
- (iii) Nóta ar éifeacht **dhá** chodarsnacht i léiriú an phríomhthéama. = 8 marc

Cumas Gaeilge (A nó B agus C le chéile) = 10 marc

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 17 (Ábhar) agus as 13 (Ábhar) agus as 30 (Ábhar) agus as 10 (Gaeilge) a thaispeáint sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

**Ceist 4**

**- STAIR -**

**30 marc**

Dhá cheann le déanamh as (a), (b), (c), (d), (e), (f).

13 + 12 (Eolas) móide 5 marc ar an gCumas Gaeilge (sa dá cheann le chéile) = 30 marc.

I gcás (a), (b), (f), tá cuntas le scríobh ar **dhá** cheann; pointí gearra eolais atá á lorg. I gcás (c), (d), (e), áit a bhfuil gné **amháin** le plé, lorgaítear pointí eolais níos faide.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 25 (Eolas) agus an marc a bhronntar as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

**CLUASTUISCINT (100 marc)**

{	(i)	Tuiscint	=	90 marc	}
{	(ii)	Cumas Gaeilge	=	10 marc	}
{	(iii)	Iomlán	=	100 marc	}

**Cuid A: 30 marc (Eolas)**

Fógra 1:	$2 \text{ marc} \times 5$	=	10 marc
Fógra 2:	$2 \text{ marc} \times 5$	=	10 marc
Fógra 3:	$2 \text{ marc} \times 5$	=	10 marc
	<b>10 + 10 + 10</b>	=	<b><u>30 marc</u></b>

**Cuid B: 40 marc (Eolas)**

Comhrá 1:	$2 \text{ marc} \times 6$	=	12 mharc
Comhrá 2:	$2 \text{ marc} \times 8$	=	16 mharc
Comhrá 3:	$2 \text{ marc} \times 6$	=	12 mharc
	<b>12 + 16 + 12</b>	=	<b><u>40 marc</u></b>

**Cuid C: 20 marc (Eolas)**

Píosa 1:	$2 \text{ marc} \times 3$	=	6 mharc
Píosa 2:	$2 \text{ marc} \times 4$	=	8 marc
Píosa 3:	$2 \text{ marc} \times 3$	=	6 mharc
	<b>6 + 8 + 6</b>	=	<b><u>20 marc</u></b>

## Téipscript 2011

### Fógra a hAon

Seo fógra ó Údarás na Gaeltachta. Tá Údarás na Gaeltachta ag lorg duine do phost mar Oifigeach Chaitheamh Aimsire. Beidh an duine a cheapfar ar dualgas i nGaeltacht Chiarraí, in áiteanna mar Cheann Trá, Baile na nGall agus an Buailtín. Beidh sé nó sí ag eagrú siúlóidí sa cheantar. Beidh obair phoiblíochta le déanamh freisin. Is gá sáreolas a bheith ag an duine a cheapfar ar Ghaeltacht Chiarraí agus ar stair na háite. Tá Gaeilge líofa riachtanach chomh maith. Cuir iarratas agus C.V. chuig an Rúnaí, Coiste Forbartha na Gaeltachta, Trá Lí, Co. Chiarraí.

### Fógra a Dó

Seo fógra ó Fhoras na Gaeilge. Tá Foras na Gaeilge bródúil as a bheith páirteach i gcéim mhór eile i gcur chun cinn na Gaeilge. Beidh foclóir nua Béarla-Gaeilge á sheoladh in oifigí an Fhorais i mBaile Átha Cliath ar an gCéadaoin seo chugainn. Foclóir é seo a rinneadh go speisialta don fhón póca. Is i bpáirt leis an gcomhlacht teicneolaíochta, *Seol - Maith thú!*, a cuireadh an foclóir nua seo le chéile. Beidh aistriúchán ar 12,000 téarma ó Bhéarla go Gaeilge san fhoclóir. Is féidir an foclóir a íoslódáil chuig do fhón póca ar chostas €5 ach dul chuig an suíomh idirlín *focalgaeilge.ie* agus na treoracha ansin a leanúint. Tá moladh mór faighte ag an bhfoclóir ó na múinteoirí a bhain triail as.

### Fógra a Trí

Seo fógra ó Choiste Náisiúnta Childline. Beidh lá spóirt ann ar an Domhnach seo chugainn, 10ú Lúnasa. Beidh an lá spóirt ar siúl ar an trá ar an Bhun Bheag i nGaeltacht Dhún na nGall. Tosóidh na comórtais ar a dó a chlog. Eagrófar comórtais éagsúla do dhaoine fásta agus do pháistí, mar shampla rásaí, tarraingt téide agus caitheamh punann. Gearrfar táille iontrála €2 in aghaidh an chomórtais ar dhaoine fásta, agus €1 ar dhaoine óga. Is é lucht gnó Ghaoth Dobhair a chuirfidh na duaiseanna ar fáil do na comórtais éagsúla. Beidh a lán imeachtaí pléisiúir á reáchtáil i rith an lae. Beidh turais bháid ann, marcaíocht ar chapailíní agus tumadóireacht scúba.

### Comhrá a hAon

- Aindriú: Is breá liom a fheiceáil go bhfuil deireadh le cuid mhór den chaint dhiúltach faoin staid uafásach atá ar eacnamaíocht na tíre. A bhuíochas sin don rialtas nua is dócha, atá céad lá in oifig inniu.
- Síle: Tá an ceart agat, a Aindriú. Tá spiorad níos fearr san áit agus daoine níos dearfaí, ... ach tá fadhbanna móra fós againn. An dífhostaíocht agus an imirce go speisialta.
- Aindriú: Sea, aithním é sin, a Shíle, ach tá comharthaí dóchais ann freisin. Tá infheistíocht tosaithe sna tionscail ghlasa, agus tá a lán earraí ag dul amach as an tír. Tiocfaidh jabanna as an dá rud sin, na tionscail ghlasa agus an easpórtáil go tíortha eile.
- Síle: Tiocfaidh in am trátha, a Aindriú, ach tógfaidh sé tamall. Ní fás aon oíche a bheidh ann. An fhadhb is mó ná go bhfuil foighne agus misneach daoine óga ag trá agus ag imeacht. Níl siad sásta fanacht timpeall go dtiocfaidh an borradh seo. Tá siad ag imeacht leo go dtí an Astráil, áit a bhfuil an – chuid jabanna ar fáil.

- Aindriú: Bhuel, a Shíle, chuala tú an seanfhocal “is glas iad na cnoic i bhfad uainn”. Ach ní éiríonn go maith le gach duine óg a theann as seo go dtí an Astráil.
- Síle: Ó sea, bíonn drochscéal ann i gcónaí agus mí-ádh ar dhaoine áirithe, tuigim sin. Ach tá ag éirí go maith leis an gcuid is mó de na daoine óga as Éirinn a chuaigh go dtí an Astráil le blianta beaga anuas. Tá siad ag déanamh airgead mór.
- Aindriú: Ní leigheas é an t-airgead ar gach aon fhadhb.
- Síle: Ní hé an t-airgead an t-aon bhuntáiste atá ag an Astráil, a Aindriú. Smaoinigh ar an aeráid álainn atá acu agus ar na jabanna iontacha; agus tá an costas maireachtála íseal ansin.
- Aindriú: Agus cad faoi na buntáistí a bhaineann leis an mbaile – clann agus cairde agus cultúr na tíre?
- Síle: Nílím ag easaontú leat, a Aindriú, ach caithfear aghaidh a thabhairt ar na fíricí gruama: deirtear go n-imeoidh 50,000 duine eile roimh dheireadh na bliana agus is mór an chailliúint é sin.

### Comhrá a Dó

- Máire: Táim tuirseach de na cláir tallainne sin a bhíonn ar an teilifís i rith na bliana, leithéidí *You're a Star*, *X Factor* agus *The All-Ireland Talent Show*. Ní bhíonn seans agam féachaint ar an teilifís oíche Shathairn ná oíche Dhomhnaigh. Bíonn mo thuismitheoirí agus mo dheartháir óg ag féachaint orthu i gcónaí!
- Pádraig: Bheul, a Mháire, táim féin an-tógtha leo; is breá liom iad mar chláir. Is ceoltóir mé agus ba bhreá liom a bheith páirteach i seó mar iad nuair a bheidh mé níos sine agus níos oilte ar an ngiotár.
- Máire: Caithfidh mé a admháil, a Phádraig, go dtugann siad an-deis do dhaoine a gcumas sa cheol nó san amhránaíocht a thaispeáint. Ach is iad na moltóirí a chuireann ar buile mé. Cuireann daoine mar Louis Walsh agus Simon Cowell as mo mheabhair mé!
- Pádraig: Ó, ní chuireann siad as domsa, a Mháire. Bainim an-chraic as na moltóirí ag troid eatarthu féin! Ní bhíonn siad ach ag iarraidh scéal mór a chumadh, poiblíocht a fháil don chlár agus cur leis an lucht féachana.
- Máire: Rud amháin eile faoi na moltóirí, a Phádraig, cuireann sé náire orm nuair nach mbíonn siad go deas leis na daoine a bhíonn páirteach sa seó.
- Pádraig: Sea, ach ar an lámh eile, a Mháire, mura bhfuil aon tallann ag duine is ceart é sin a rá glan amach.
- Máire: Ach cuid de na moltóirí, na fir go speisialta, a Phádraig, bíonn siad ag magadh faoi na hiomaitheoirí uaireanta.
- Pádraig: Sin é go díreach a tharla i gcás Susan Boyle, a Mháire. Bhí an chuma ar Simon Cowell go raibh sé ar tí tosú ag magadh fúithi nuair a chonaic sé den chéad uair í. Bhí sí ramhar agus bhí éadaí seanfhaiseanta uirthi.
- Máire: Ach tháinig deireadh leis an magadh nuair a thosaigh sí ag canadh!
- Pádraig: Tháinig, muise. Ba é scéal Cinderella é le Susan Boyle ach ní minic a tharlaíonn sé sin.

### Comhrá a Trí

- Ciarán: Bhí Des Bishop, an fear grinn as Meiriceá, sa nuacht ansin i dtús na bliana. Chuir sé cuid dá sheónna ar ceal. Fuair a athair bás i Nua-Eabhrac. Bhí ailse air.
- Nóirín: Bíonn Des sa nuacht go minic. Is bronntanas ó neamh anuas é do na heagraíochtaí Gaeilge. Smaoinigh air: Meiriceánach ag labhairt Gaeilge bhinn bhlasta Chonamara.
- Ciarán: Ach is é an rud is iontaí ar fad gur rugadh i Nua-Eabhrac é agus nár tháinig sé go hÉirinn go raibh sé trí bliana déag d’aois.
- Nóirín: Sea, agus rud eile fós atá beagnach dochreidte: níor thóg sé ach bliain air máistreacht a fháil ar an nGaeilge!
- Ciarán: Nach mór an náire dúinne, a Nóirín, an Ghaeilge lofa atá againne agus muid á foghlaim ó bhíomar inár naíonáin!
- Nóirín: Bheul, chónaigh Des Bishop tamall i nGaeltacht Chonamara, agus d’fhoghlaim sé an Ghaeilge in aon bhliain amháin, a Chiarán. Ní bhíonn againn ach cúpla focal chuile lá sa rang.
- Ciarán: Tá an ceart agat, a Nóirín. Rachaimid go dtí an Gaeltacht an samhradh seo
- Nóirín: Conas a gheobhaimid eolas faoi na cúrsaí Gaeltachta? Tá costas ard orthu agus ba mhaith liom ceann fiúntach a roghnú, áit a mbeidh spórt agus spraoi ann agus caighdeán maith i labhairt na Gaeilge freisin.
- Ciarán: Tá a fhios agat an múinteoir nua Gaeilge sin, an fear óg rua a chaitheann na spéaclaí. Tá seisean bainteach le coláiste éigin. Iarrfaimid na foirmeacha air agus gheobhaimid an t-eolas go léir.
- Nóirín: Iontach! Cá bhfios nach dtiocfaidh feabhas mór ar ár gcuid Gaeilge i gConamara agus beidh sport againn chomh maith!

### Píosa a hAon

Léirigh Taibhdhearc na Gaillimhe dráma nua le Micheál Ó Conghaile in Áras na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i rith na seachtaine seo caite. Is é *Go dtaga do Ríocht* teideal an dráma nua le Micheál agus mhol idir lucht critice agus lucht éisteachta an léiriú a rinneadh air. Is údar aitheanta é Micheál a bhfuil úrscéalta, gearrscéalta agus leabhair do pháistí scríofa aige cheana féin. Ghlac Mairéad Ní Ghallchóir agus Peadar Ó Treasaigh na príomhpháirteanna sa dráma nua. Tá aithne mhaith ar na haisteoirí seo ó ghlac siad páirt sa sobaldráma **Ros na Rún**. Léireofar an dráma arís mar chuid d’Fhéile Ealaíon na Gaillimhe a bheidh ag tosú ar an 18ú Meitheamh.

### Píosa a Dó

Tugadh onóir do Pheadar Mac Suibhne, an dochtúir áitiúil, ag ócáid mhór ar an Chlochán Liath an tseachtain seo caite. Tháinig slua mór daoine le cheile le ceiliúradh a dhéanamh ar an dá scór bliain atá caite ag Peadar ag obair in otharlann an Chlocháin Léith. Tháinig Peadar go dtí an Clochán Liath i 1971 mar ionadaí don dochtúir a bhí ann ag an am agus tá sé ann ó shin. I dtús ama bhíodh a chuid clinicí ar siúl aige in Anagaire agus ina theach cónaithe. Le blianta fada anois is san Ionad Sláinte in aice leis an otharlann atá na seomraí aige, rud atá an-oiriúnach do mhuintir na háite.

### **Píosa a Trí**

Tá fear óg as an gCeathrú Rua, Ritchie Ó hEadhra, ceaptha mar oifigeach forbartha Gaeilge do Chontae Loch Garman. Is fear é Ritchie a bhfuil aithne mhaith air mar láithreoir clár teilifíse ar TG4. Tá sé i gceist ag Ó hEadhra clár imeachtaí Gaeilge a eagrú don Chontae. Beidh béim á leagan ar ranganna Gaeilge do dhaoine fásta, ar imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge i mbailte agus i sráidbhailte an chontae, agus ar chlár ealaíne do dhaoine fásta agus do pháistí. Chomh maith leis sin eagrófar Féile Ealaíne Loch Garman gach samhradh as seo amach.

### **Socruithe Réasúnta**

*Tugadh an treoir seo a leanas do na scrúdaitheoirí ar fad:*

Níor mhiste do gach Príomhscrúdaitheoir Comhairleach gach a leanann seo a chur in iúl do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha.

Níor mhiste do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha é seo a leanas a chur in iúl dá Scrúdaitheoirí:

Sa chás go dtagann Scrúdaitheoir trasna ar script a bhaineann le hiarrthóir a ndearnadh socruithe réasúnta dó/di sna scrúduithe:

- níor mhór don Scrúdaitheoir a chur in iúl dá Scrúdaitheoir Comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici
- caithfidh an Scrúdaitheoir Comhairleach a mhíniú don Scrúdaitheoir go bhfuil gach gné den Scéim Mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh marcáil na scrípte de ach amháin nach mbeidh an litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh
- míneoidh an Scrúdaitheoir Comhairleach don Scrúdaitheoir go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an Scéim Mharcála á cur i bhfeidhm ag an Scrúdaitheoir ina leithéid de chás faoi mar ba cheart.









